

An Baile 'tá láimh léi siúd

'gus nárbh aoibhinn 'bheith 'féachaint na mbánta,
'Gus mise gach lá dá siúl.

Nó ag fiach is ag aoireacht na mbán stoc,
Ar shléibhtibh go hard gan smól
Éanlaithe ar na craobh ghlas ba bhreátha
lad ag seinm go hard a dtiúin,
's nach dúbhach an croí bheith ag fágaint,
An baile atá láimh léi siúd.

's nach deas mar a éiríonn an fás suas,
Ar do mhachairí breátha a rúin,
Is milis mar a dheineann tú gáire,
Le gradam go sásta súbhach.
Ag rince le cáilíní áilne,
Níorbh aistear liom tráth leo siúl,
Is ní thiteann ann sneachta ná báisteach,
Ar an mbaile 'tá láimh léi siúd.

Tá an long ag taisteal ina lán sruth,
Is an Captaen go hard ar stiúir.
D'fhonn mise do bhreith thar sáile.
Go dtí talamh an Oileáin Úir
Is dubhach mo chroí is is tráth-lag
Bheith ag scarúint go brách le m' rún
S' is brónach an croí tá aige'm chairde
Ar an mbaile atá láimh le siúd.

Le tacaíocht ó

Guímse beannacht is grásta
Ar bhuaichillí an Oileáin abú!
'S chun cúrsa fada na trá siar,
Mar gur minic mé ag snámh go súch
Nó ag fiach ar bharr Chruach Mhárthain,
Mar ba thapaidh mo rás mar chú.
Ó's go mb'fhearr liom a bheith beo bocht i m'sclábhaí
Ar an mbaile atá láimh le siúd.

Sláine Ní Chathalláin a rinne an cheardlann seo.

Le tacaíocht ó